

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Miontuairiscí chruinniú Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) a tionóladh ar MS Teams agus trí ghlaó comhdhála.

Cruinniú: 4:30 i.n., an 17 Eanáir 2022

I láthair: An Clr. Kazi Ahmed, an Clr. Cathal Boland, an Clr. Michael Clark, an Clr. Brigid Manton, An Clr. Yvonne Collins, Anne Genockey, Daneve Harris, an Clr. Peter Kavanagh, an Clr. Pamela Kearns, Colm Kilgallon, Claire Markey, Gerry McGuire, an Clr. Joe Newman, Brendan O'Halloran, an Clr. John Walsh. Ken Farrell, Susan Duffy.

Leithscéalta: Dada

As láthair: An Clr. Ed O'Brien, an Clr. Pamela Conroy, an Clr. Una Power

I láthair: Caitriona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Debbie Howlett, Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta; Emma Maloney, Cúntóir Pearsanta le SMT.

Doiciméid:

Arna nUaslódáil go Leictreonach

Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, an Clr. Joe Newman, fáilte roimh gach duine chuig an gcruinniú, inar díródh ar an Ráiteas Straitéise 2022-2026, ag tosú le ceardlann do chomhaltaí an bhoird le Mazars sular thosaigh an cruinniú boird.

Comhbhrón

Rinneadh comhbhrón le gach teaghlach ar bhásaigh duine muinteartha leo le mí anuas, ina measc teaghlach Aisling Murphy a maraíodh go tragóideach í le déanaí. Bhí nóiméad ciúnais ann.

1. Coinbhleachtaí Leasa a Chur in Iúl

Níor cuireadh aon choinbhleachtaí in iúl

2. Ábhair le Réiteach ag an mBord

Miontuairiscí Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a bhí ar siúl ar an 15 Samhain 2021.

Molta: An Clr. Brigid Manton

Cuidithe: Gerry McGuire

Comhaontaíodh go bhfuil an loga gníomhartha le cur i bhfeidhm arís ar iarraidh ó chomhalta boird.

Ceapachán Susan Duffy ar bhord bainistíochta an BOO **Molta: An Clr. Michael Clark, Cuidithe: Gerry McGuire**

3. Ábhair le tabhairt ar aird ag an mBord

Coistí an Bhoird **Tugtha ar Aird**

Miontuairiscí an Fhochoiste Óige agus Spóirt

Beartais **Tugtha ar Aird**

Ceapacháin chuig an mBord Bainistíochta

Ceapachán an Clr. Daniel Whooley ina ionadaí BOO ar bhord bainistíochta Choláiste Pobail Setanta. **Molta: An Clr. John Walsh, Cuidithe: An Clr. Peter Kavanagh**

Ceapachán Mick McQuade ina ionadaí BOO ar bhord bainistíochta Choláiste Pobail Setanta. **Molta: An Clr. John Walsh, Cuidithe: An Clr. Peter Kavanagh**

4. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an bhFeidhmeannas

Tuarascáil an POF – Dé Luain an 17 Eanáir 2022

Is mian liom athbhliain faoi mhaise agus gach rath in 2022 a ghuí ar gach duine de na comhaltaí Boird. Agus sinn ag feidhmiú fós ar aon dul le comhairle sláinte poiblí agus rialtais, lena n-áirítear comhairle ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, tá scoileanna/coláistí agus lárionaid fós ag feidhmiú de réir na dtreoirilínte iomchuí. Tá cruinnithe fós á dtionól ar líne ar aon dul le comhairle ón rialtas. Tá baill foirne na ceannoifige ag obair ón mbaile más féidir leo. Táimid ag tosú ar an bpleanáil chun an Beartas um Chianobair agus an Beartas um an gCeart chun Dícheangal a Dhéanamh a chur i bhfeidhm, agus iarracht á déanamh againn maireachtáil le COVID fad a dhéanaimid ceangal lena chéile arís chun díriú ar theagasc agus foghlaim i ngach ceann dár suíomhanna.

Is mian liom aitheantas a thabhairt d’obair na foirne teagaisc, riaracháin agus bainistíochta uile don athoscailt i mí Eanáir 2022. Tá jab den scoth déanta acu. Gabhaim buíochas le gach aon bhall foirne.

Go raibh maith agaibh as freastal ar an gcomhairliúchán inniu maidir le Ráiteas Straitéise BOOÁCDL 2022-2026. Tá d’ionchur ríthábhachtach chun an Straitéis nua a fhorbairt agus chun glacadh leis an Ráiteas i R2 2022.

Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna

Athoscailt coláistí agus lárionaid BOaO

Tá treoraíocht ó BOOÉ agus ó Ghrúpa Oibre Pháirtithe Leasmhara BOaO á leanúint ag coláistí agus lárionaid BOaO i BOOÁCDL i gcónaí, lena n-áirítear an nuashonrú is déanaí ón 12 Eanáir 2022.

An Chéad Athbhreithniú

Tá foireann BOaO um Dhearbhú Cáilíochta fós i mbun ullmhúcháin don chéad athbhreithniú seachtrach ar chórais BOaO maidir le dearbhú cáilíochta. Tá an Phróifíl Soláthraithe agus an Tuarascáil Féinmheastóireachta á dtabhairt chun críche agus tá siad le cur faoi bhráid DCCÉ i mí Feabhra 2022.

Córas Íocaíochta Foghlaimoirí - Seirbhísí Comhroinnte

Déanfar fócaíocht liúntas oiliúna a lárú ar bhonn náisiúnta le ‘Seirbhísí Comhroinnte’ SGCO. Tiocfaidh an tionscadal i bhfeidhm i mí Feabhra 2022. Tá bainisteoirí BOaO agus an fhoireann Airgeadais ag obair leo chun aistriú réidh d’fhoghlaimeoirí ar na cláir Ógtheagmhála agus SDOG a chinntiú. **Athbhreithniú ar an bPlean Seirbhíse Bliantúil 2021**- tá dul chun cinn BOaO maidir le cuspóirí do 2021 curtha san áireamh in athbhreithniú ar an bPlean Seirbhíse 2021 agus tá tosaíochtaí nua do Phlean Seirbhíse BOOÁCDL dor 2022 á sainiú faoi láthair. **Pleanáil agus Cistiú:** Tá sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla á mbailiú ag foireann Pleanála agus Straitéise BOaO faoi láthair chun forbairt a dhéanamh ar an Iarraidh ar Leithdháileadh Cistiúcháin BOaO do 2022, atá le cur faoi bhráid SOLAS ag deireadh mhí Eanáir 2022.

Stiúrthóirí Scoileanna

Thug Stiúrthóirí Scoileanna gach scoil faoi seach tacaíocht do na scoileanna agus iad á n-athoscailt. Tugadh comhairle, treoraíocht agus tacaíocht do Cheannairí Scoile a raibh ardleibhéal neamhláithreachta ina scoil maidir leis a scoil a bhainistiú lena chinntiú go bhfanadh sí ar oscailt. Chun an méid is lú cur isteach ab fhéidir ar Theagasc agus Foghlaim a chinntiú, cuireadh gach cruinniú líonra BOOÁCDL ar sos le coicís anuas.

Cuireadh pacáí acmhainní ar fáil do scoileanna chun tacú le mic léinn a bhí i mbun leithlisithe. Oifigigh forbartha BOOÁCDL a sheol na pacáí sin

Rinneadh cigireachtaí OSPS ag Crannóg Nua, Baile Uí Dhúda agus Baile an Oibríoch i mí na Samhna agus i mí na Nollag. Thug oifigigh forbartha BOOÁCDL tacaíocht d’fhoirne ceannaireachta na scoileanna sin sa tréimhse roimh na cigireachtaí sin.

Tá tús á chur againn lenár aonach earcaíochta 2022 i measc múinteoirí faoi oiliúint i gColáistí agus in Ollscoileanna éagsúla ar fud na tíre chun BOOÁCDL a chur chun cinn mar fhostóir

Tugadh tuairiscí dearfacha ar roinnt scoileanna BOOÁCDL sna Táblaí Sraithe agus ba é Coláiste Pobail na Gráinsí an scoil ar tháinig an feabhas ba mhó uirthi sa tír.

Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta (TFE) - Tuarascáil TFE

Chuir Debbie Howlett an Tuarascáil Airgeadais agus an Tuarascáil Foirgneamh i láthair.

Ghlac Debbie roinnt ceisteanna ó chomhaltaí maidir leis an tuarascáil foirgneamh, lena n-áirítear na Páirceanna Uile-Aimsire i nDomhnach Bat, atá lenár bhfoireann dlí faoi láthair. Tá BOOÁCDL i mbun cainteanna le CC Fhine Gall, Ionad Pobail Dhomhnach Bat agus Club Haca áitiúil maidir le bainistiú na páirce imeartha Haca ag CP Dhomhnach Bat. Nuair a thángthas ar chomhaontú faoi bhainistiú na páirce imeartha amach anseo, cuirfear an bord ar an eolas faoi.

D’iarr an comhalta boird, Gerry McGuire:

- go ndéanfar comhaontú ceadúnais maidir leis an bPáirc Uile-Aimsire ag Coláiste Pobail Dhomhnach Bat, a thíolacadh do Bhord BOOÁCDL nuair a bheidh sé ar fáil.
- go gceapfaidh BOOÁCDL oifigeach ainmnithe/rognaithe (Coiste Maoirseachta) chun maoirsiú agus breithniú a dhéanamh ar aon achomharc/díospóidí a eascraíonn as leithdháileadh ama/spásanna ar an bpáirc.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



- c) go ndéileálfar le gach geallsealbhóir reatha agus úsáideoirí ionchasacha na saoráide amach anseo ar bhealach trédhearcach agus cothrom.
- d) go gcoinneofaí Bord BOOÁCDL ar an eolas faoi fhorbairtí ar an gceist seo.

Maidir le CP Ráth Dara agus PSS Danu, d'fhiafraigh comhalta boird cibé an raibh aon scéal faoi oibreacha a bheith tugtha chun críche?

Chuir Debbie Howlett in iúl don Bhord go bhfuil oibreacha tugtha chun críche ag PSS Danu agus gur tugadh ar láimh í Dé hAoine seo caite. Níl dáta aistrithe ann do dhaltaí ach tá plean cúramach á dhéanamh idir an scoil, CNOS, agus BOOÁCDL lena chinntiú go n-éireoidh go maith leis an aistriú do gach duine lena mbaineann, go háirithe daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

Chuir Debbie Howlett in iúl don bhord go ndearnadh athbhreithniú cíosa ar Cheannoifig BOOÁCDL agus gur ardú cíosa €62,000 in aghaidh na bliana a socraíodh tar éis idirbheartaíochta. Chuir comhalta boird inní in iúl maidir leis an bhfoirgneamh a fháil ar cíos seachas áitreabh a cheannach. Comhaontaíodh an t-athbhreithniú cíosa. **Molta: Gerry McGuire Cuidithe: Claire Markey**

5.1 Tuarascáil Airgeadais Tugtha ar Aird

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE						
TUARASCÁIL AIRGEADAIS GO DTÍ SEO MÍ na Nollag 2021						
Clár	Airgead Deontais Tosaigh Iarmhéid	Fáltais	Íocaíochtaí	Airgead Deontais Deiridh Iarmhéid		
				An 1 Eanáir 2021	An 31 Nollaig 2021	
IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME MAR PHÁ	284,200	(118,698,412)	118,249,813	(164,399)		
IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME NEAMHPHÁ	(2,669,336)	(8,765,644)	7,634,905	(3,800,075)		
AN tIOMLÁN A BHAINNEAN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(4,756,721)	(6,552,093)	4,110,156	(7,198,658)		
IOMLÁN NA mBUNSCOILEANNA CAIPITEAL IOMLÁN	(799,874)	(2,055,559)	1,617,553	(1,237,880)		
	(9,608,231)	(19,376,842)	17,136,467	(11,848,606)		
IOMLÁN NA nDEONTAS TRÍÚ LEIBHÉAL	(171,666)		-	(171,666)		
IOMLÁN AN BHREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA	(11,120,197)	(62,406,374)	70,196,922	(3,329,649)		
IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ ÓIGE	(1,222,537)	(10,249,603)	9,972,858	(1,499,282)		
IOMLÁN NA GNÍOMHAIREACHTA	(868,058)	(4,148,780)	3,954,050	(1,062,788)		
IOMLÁN AN FHÉINMHAOINITHE Iarmhéid Bainc	(6,828,300)	(4,241,294)	3,468,953	(7,600,641)		
	(37,760,720)	(236,494,601)	236,341,677	(37,913,644)		
Bhí iarmhéid thart ar €38m sa chuntas bainc ag BOOÁCDL amhail ag deireadh mhí na Nollag 2021						
Tá na Deontais bhreise seo a leanas faighte ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó SOLAS go dtí seo chun caiteachas a bhaineann le COVID-19 a chlúdach. Tá na deontais sin san áireamh sa Phríomhscéim Ghaolmhar,						
Bunscoil, Caipitil agus Breisoideachas agus Oiliúint sa tábla thuas.						
	Iarmhéid Tosaigh	Fáltais	Íocaíochtaí	Iarmhéid Deiridh		
Bainteach le PS	DEONTAS LE CÚNTÓIR A FHOSTÚ IN AIMSIR COVID-19	(10,666)	10,299	367	0	
Bainteach le PS	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID19	(27,499)	(400,876)	298,058	(130,317)	
PS Gaolmhar	DEONTAS LE hAGHAIDH MAOIRSEACHT FHEABHSAITHE IN AIMSIR COVID19	(277,672)	(986,771)	951,931	(312,512)	
PS Gaolmhar	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID19	(175,277)	(745,655)	480,792	(440,139)	
Bunscoil	DEONTAS LE CÚNTÓIR A FHOSTÚ IN AIMSIR COVID-19	(3,638)	1,417	2,221	0	
Bunscoil	DEONTAS TACAÍOCHTA	(52,978)	(99,510)	119,723	(32,765)	

Ainm & Seoladh an Tionscadail.	Achar.	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
Coláiste Pobail Bhaile Brigín, Iomaire na Giúise, Sráid an tSéipéil, Baile Brigín.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Tógáil Scoile nua, Céim 2B á hullmhú don Roinn Oideachais. Dáta críochnaithe measta Nollaig 2021
Coláiste Pobail Naomh Fhionáin, Feirm an Chaisleáin, Sord.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Tógáil Sínte, 13 Sheomra Ranga Ginearálta & Shainsheomra. BOOÁCDL ag obair i gcomhar leis an DOE ar scóip leasaithe. Ordú Taisc eisithe maidir leis an gcóiríocht shealadach atá de dhíth. Obair Deartha ar bun
Coláiste Pobail Ard Giolláin, Fearann an Chaisleáin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Lorgaíodh Tairiscintí le haghaidh Oibreacha Feabhsúcháin. Ag fanacht ar chinneadh ón Roinn Oideachais faoin tairgeoir a n-éireoidh leis. Cinneadh le déanamh go luath
Coláiste Pobail Leamhcáin, Céide na hEascrach, Leamhcán.	Baile Átha Cliath Thiar Theas Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Conraitheoirí Réamhcháilithe. Sainchomhairleoir ag ullmhú freagraí ar bharúlacha ón Roinn Oideachais maidir le réamhcháiliú
Coláiste Chilllain, 96-116 Seanbhóthar Nangair, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Baile Átha Cliath Thiar Theas, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath.	Ghlac an Roinn Oideachais leis an tairiscint. Eísíodh litreacha ar na Conraitheoirí ar éirigh agus nár éirigh leo
Scoil Speisialta Beinín Casa. 1 Ascaill Chnoc Mhuirfean, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath	Baile Átha Cliath Thoir Theas. Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin.	Athchóiriú an fhoirgnimh reatha. Céim 2b le heisiúint chuig an Roinn Oideachais lena faomhadh.

	GLANTACHÁIN COVID-19						
Bunscoil	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID-19	(55,398)		(140,761)		154,831	(41,328)
Caipiteal	DEONTAS I LEITH MIONOIBREACHA COVID 19	(2,697,983)		0		1,614,394	(1,083,589)
BOaO	Forchostais COVID19	(176,053)		(275,422)		292,124	(159,351)

5.2 Tuarascáil ar na Foirgnimh Tugtha ar Aird

Cruinniú BOOÁCDL Eanáir 2022 Tuarascáil ar an gClár Caipitil & Foirgneamh Mórtionscadail Chaipitiúla 2022

Coláiste Pobail Naomh Caoimhín, Cluain Dolcáin. Baile Átha Cliath 22.	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.	Seomraí Ranga Riachtanais Speisialta Oideachais (SEN) 2. Stop curtha le hoibreacha deartha. Meastóireacht ar an Scoil Uile fós ar siúl. Ordú Taisc eisithe maidir leis an gcóiríocht shealadach atá de dhíth. Oibreacha deartha ar siúl
Scoil Speisialta Phobail Danu, Bóthar an Bhearnbhálaigh, Páirc Hans, Baile Átha Cliath.	Co. Bhaile Átha Cliath Thiar. Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall.	Oibreacha foirgníochta fós ar siúl
GS Reachrann, Bóthar Grange Abbey, Baile Átha Cliath 13.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh	Réamhcháiliú conraitheoirí tugtha chun críche. Sainchomhairleoir ag ullmhú freagraí ar bharúlacha ón Roinn Oideachais. Iarratas um Chóras Réamhrabhaidh amuigh ar tairiscint
Coláiste Pobail na Sceirí, Sráid Bhaile Brigín, Bóthar Pháirceanna an Bhaile, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall.	Foireann Deartha faighte ach amháin Ailtire Comhairleach. Tuarascáil bhreise á hullmhú ag BOOÁCDL le heisiúint chuig an Roinn Oideachais
Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.	Contae Bhaile Átha Cliath Theas Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Buiséad Faofa le haghaidh Aonad Riachtanas Speisialta. Foireann deartha á faomhadh.
SEN Páirc Bhaile Choirín, Rualach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Contae Bhaile Átha Cliath Theas Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Tuarascáil Chéim 2b á hullmhú ag an bhFoireann Deartha faoi láthair le heisiúint chuig an Roinn Oideachais le faomhadh a fháil dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile. Ag fanacht ar thoradh tairiscintí maidir le cóiríocht shealadach
Clár Oibreacha Samhraidh 2020.		Na hoibreacha uile 95% tugtha chun críche
TIONSCADAIL CHÓIRÍOCHTA SHEALADACHA 2021		
Ainm & Seoladh an Tionscadail	Ceantar.	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
TA Fhine Gall Bóthar Sea Town, Páirceanna an Bhaile, Sord Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Plé leanúnach idir an DOE, Comhairle Contae Fhine Gall agus BOOÁCDL.

Réadmhaoin: Mí na Samhna 2022.

Réadmhaoin	Nuashonrú	Stádas
Lár Bhaile Dhún Droma, Aonad 2.	Léas imithe in éag ó 2017	Tá Eversheds le litir fhoirmiúil a scríobh chuig Hammerson, Dlíodóir an Tiarna Talún, chun soiléiriú a fháil maidir leis an léas. BOOÁCDL a d'iarr sin, ós rud é gur mhian linn socrú foirmiúil a fháil.
Teach Mangan, Maigh Eo	Ní mór tailte a aistriú ar ais chuig BOOÁCDL.	Tabharfaidh ár ndlíodóir Eversheds an scéal is déanaí dúinn an tseachtain dar tús an 17 Eanáir 2022.

Campas Iarthar na Cathrach.	Clárú iomlán tailte leis an Údarás Clárúcháin Maoine, Eversheds ag obair ar na ceisteanna sin faoi láthair agus ba cheart go dtabharfaí chun críche go luath iad. Cás dlí á thógáil ag Tríú Páirtí Brunella maidir le húsáid a bhaint as comhlímistéir i gcodanna áirithe talún. Cead pleanála tugtha don Roinn Oideachais chun dhá scoil a thógáil.	Dul chun cinn á dhéanamh ar idirbheartaíocht maidir le togra nua a rachaidh chun tairbhe na láithreach agus BOOÁCDL, ar chomhaontú a bhaint amach. Tá Brunella agus Tetrach (forbróirí) ar tí teacht ar chomhaontú eatarthu. Tuilleadh cainteanna le tarlú.
Halla Spóirt Dhomhnach Bat agus Páirc imeartha uile aimsire.	Níl aon chomhaontú foirmiúil ann os cionn 10 mbliana d'aois ar ár gcuid úsáide. Tá an cíos atá á ghearradh ar an halla ró-ard. Todhchaí na páirce imeartha le cinneadh. Níl aon muirear cothabhála á íoc ag BOOÁCDL. Cás dlí fós le réiteach maidir le tuile ar an bpáirc imeartha.	Tá an-chuid dul chun cinn déanta. Tionóladh roinnt cruinnithe leis na páirtithe leasmhara uile ar an láthair. Táimid ag obair le Comhairle Contae Fhine Gall agus le Club Haca Phort Reachrann chun teacht ar chomhaontú nua maidir le hOibriúchán. Tá an Chomhairle Contae sásta an pháirc imeartha a reáchtáil go dtí go dtiocfaidh gach páirtí ar chomhaontú. Seoladh litir chuig an mbord maidir le tairlí don halla; táthar ag fanacht ar fhreagra. Tá cás dlí os comhair na hardchuirte faoi láthair maidir le caingean a tionscnaíodh tar éis timpiste a tharla in 2014. Tionóladh cruinníú leis an Dlíodóir agus tá faisnéis á tabhairt.
Lárionad na Scéime Malartaithe Ógra	Faoin léas, rinne an tiarna talún iniúchadh sláinte agus sábháilteachta. Tá dhá urlár a thógamar orainn féin mí-oiriúnach faoi shláinte agus sábháilteachta. Ní bhainfidís stádas sábháilteachta dóiteáin amach ach an oiread.	Rachaidh an léas in éag in 2024. Comhaontaíodh imeacht ón áitreabh an tráth sin agus lárionad nua a chuardach. Dhá urláir uachtaracha tugtha ar ais don tiarna talún. Idirbheartaíocht ar bun faoi obair feabhsúcháin dóiteáin le haghaidh na hurláir atá in úsáid faoi láthair.
Seanstáisiún na nGardaí, Baile Bhainséir.	Is mian le hOifig na nOibreacha Poilí comhaontú ar bhonn foirmiúil a dhéanamh, níl aon chomhaontú ann faoi láthair, cé gur thionóntaí sinn le 20 bliain anuas.	Ag caint le hOifig na nOibreacha Poiblí chun tionóntacht a chur ar bhonn foirmiúil ansin le léas. Ag féachaint ar an bhfoirgneamh malartáin a bhfuil a léas imithe in éag ó 2017. Ag leanúint ar aghaidh
Beart Clárúcháin Maoine.	Ní mór gach réadmhaoine a chlárú. BOOÁCDL ag obair le Dlíodóir agus leis an Roinn Oideachais.	Ar siúl. Céim a trí tugtha chun críche. Ag dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile. Nuashonruithe tugtha don Roinn Oideachais. Tá orainn comhaontú foirmiúil a fháil maidir le gach léas roimhe seo a bhí i bhfeidhm roimh 2015. Tosóidh an fhoireann mhaoine air sin chomh luath agus a bheidh an clárúchán tugtha chun críche. Ag leanúint ar aghaidh
An tIonad Spóirt, Pháirc Bhaile Choilín.	An tIonad a úsáid	Ceadúnas á eisiúint chuig Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas chun an giomnásiam a úsáid le haghaidh ranganna.
Coláiste Pobail Lusca	Mol Spóirt nua in aice na scoile	Cruinnithe chun breathnú ar cheadúnas sealadach a chur ar bun leis an gclub lúthchleasaíochta áitiúil chun rochtain a fháil ar an gcarrchlós.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

5.3 Nuashonruithe ar Phróifílí na Foirne Tugtha ar Aird

Daoine ag dul ar scor

Ceapacháin & Arduithe Céime

Postroinnt agus Sosanna Gairme

5.4 Clár Rioscaí: Tugtha ar aird

6. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an mBord

D'fhiafraigh comhalta boird cibé an suiteálfar scagairí HEPA i ngach scoil agus cibé an bhféadfaí iarratas ar scagairí a dhéanamh. Dheimhnigh Debbie Howlett go n-iarrfaí monatóirí CO2 breise ar an Roinn.

D'fhiafraigh comhalta cibé an raibh aon nuashonrú maidir le hoiliúint do chomhaltaí boird. Tá Debbie Howlett i mbun idirchaidrimh le soláthróirí agus tá sí ag fanacht ar chostálacha. Debbie le dul sa tóir ar na costálacha sin.

Ar aon dul le Buanorduithe

7. An chéad chruinniú eile: an 28 Feabhra 2022